

# Eleathanach269

Dé Luain 18 Meán Fómhair 2017

## Cúrasí peile: an bua ag Baile Átha Cliath arís i mbliana!

Bhí na cluichí ceannais ar siúl i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh. Bhí Ciarraí agus Doire ag imirt sa Chraobh Mhíonúr. Bhuaigh Ciarraí an cluiche sin. Seo an ceathrú huair as a chéile gur bhuaigh Ciarraí an chraobh seo.

Bhí Baile Átha Cliath agus Maigh Eo ag imirt sa Chraobh Shinsir. Bhí an dá fhoireann ar comhscór go minic i rith an chluiche. Bhí seacht nóiméad sa bhreis ag deireadh an dara leath agus ar deireadh bhí an bua ag Baile Átha Cliath le pointe amháin idir na foirne.

Bhí áthas an domhain ar fhoireann Bhaile Átha Cliath agus ar a lucht leanúna. Seo an tríú huair as a chéile gur bhuaigh siad an chraobh seo. Bhí an-díomá ar lucht Mhaigh Eo, go speisialta toisc nach raibh ach pointe amháin eatarthu ag an deireadh.



## Ag rothaíocht timpeall an domhain taobh istigh de 80 lá

Tá Mark Beaumont ag súil lena thuras timpeall an domhain a chríochnú inniu Dé Luain 18 Meán Fómhair.

Thosaigh a thuras ar an 2 Iúil i bPáras na Fraince. Thaistéal sé ar a rothar go Beijing. Ansin d'eitil sé go Perth na hAstráile agus thaistéal sé ar a rothar go Brisbane.

Ina dhiaidh sin bhí sé sa Nua-Shéalainn, i Meiriceá agus i gCeanada. Críochnóidh a thuras nuair a thiocfaidh sé ar ais go Páras, tar éis dó an turas ó Lisbon go Páras a dhéanamh ar a rothar arís.

Turas 29,000 Km san iomlán atá i gceist. Rinne Mark an turas seo i 2008 ach ghlac sé beagnach 195 lá. Ansin rinne rothaí eile an turas i 123 lá. Shocraigh Mark Beaumont iarracht a dhéanamh an turas a dhéanamh taobh istigh de 80 lá. Má tá sé ar ais i bPáras inniu beidh sé críochnaithe i 79 lá.



## Amhrán eile ó albam Niall Horan ar fáil

Tá amhrán nua ó Niall Horan ar fáil anois agus le cloisteáil ar an raidió uaireanta freisin. 'Too Much To Ask' is ainm den amhrán agus deir Niall go dtaitníonn an t-amhrán go mór leis. Beidh an t-albam iomlán ar fáil an mhí seo chugainn, ar an 20 Deireadh Fómhair. 'Flicker' is ainm den albam.

Faoi láthair tá Niall ag taistéal ar fud an domhain ar camchuart. Thosaigh an chamchuart le ceolchoirm i mBaile Átha Cliath.

Ina dhiaidh sin bhí ceolchoirm aige i Londain. Beidh sé ag taistéal go Meiriceá agus Ceanada i mbliana agus go dtí an Astráil agus an Nua-Shéalainn in 2018.

Titeann a lá breithe ar 13 Meán Fómhair agus tá sé ceithre bliana is fiche d'aois anois.

